

Eleathanach222

Dé Luain 18 Eanáir 2016

Scannáin Éireannacha ar ghearrliostaí do dhuaisanna Oscars.

I rith na seachtaine chualamar na gearrliostaí do dhuaisanna na *Oscars*. D'éirigh go han-mhaith le scannáin Éireannacha. Beidh na buaiteoirí ainmnithe ag searmanas *Oscars* ar an 28 Feabhra.

I measc na scannán sa chatagóir is mó - 'An Scannán Is Fearr', tá na scannáin *Brooklyn* agus *Room* ann. Tá an dá scannán seo bunaithe ar leabhair a scríobh na hÉireannaigh; Colm Tóibín agus Emma Donoghue.

Sna scannáin *Brooklyn* agus *Room* is iad na príomhaisteoirí atá ainmnithe ar an ngearrliosta do na haisteoirí is fearr freisin. Is í Saoirse Ronan an príomhaisteoir sa scannán *Brooklyn*. I Meiriceá bíonn fadhbanna ag daoine ag rá a hainm, Saoirse!

Tá ainm Michael Fassbender ar ghearrliosta don aisteoir is fearr don ról a bhí aige sa scannán *Steve Jobs*. Is scannán é seo faoi Steve Jobs. Bhunaigh Steve Jobs an comhlacht *Apple Inc.* le Steve Wozniac.



Saoirse Ronan sa scannán *Brooklyn*



An cúl báire do Manchester United, David de Gea

Cúrsaí sacair: An Phríomhshraith

Bhí Liverpool ag imirt i gcoinne Manchester United in Anfield Dé Domhnaigh. Bhí a lán deiseanna ag Liverpool cúl a fháil. Ach bhí David de Gea ar fheabhas mar chúl báire do Manchester United. Ba é laoch na himeartha é.

Bhí an bua ag Manchester United leis an scór Liverpool 0; Manchester United 1. Fuair Wayne Rooney cúl sa dara leath agus tá siad sa chúigiú háit sa tsraith anois.

Tá Arsenal sa chéad áit sa tsraith. D'imir siad i gcoinne Stoke City Dé Domhnaigh. Ní bhfuair ceachtar acu cúl agus chríochnaigh an cluiche ar comhscór.

Bhí comhscór ann idir Leicester City agus Aston Villa freisin, leis an scór 1:1. Tá Leicester City fós sa dara háit sa tsraith.

One Direction: Amhrán beag ó Liam Payne

Tuigeann gach duine go bhfuil *One Direction* ag glacadh sosa ar feadh tamaill. Sheol siad cúig albam le cúig bliana anuas agus bhí siad ar camchuart ar fud an domhain freisin.

Thar an deireadh seachtaine sheol Liam Payne píosa gearr ó amhrán ar na meáin shóisialta. Ar an taifead tá Liam ag canadh leis féin. Dúirt sé gur amhrán beag a scríobh sé a bhí ann.

Scríobh Liam Payne amhrán don ghrúpa Éireannach Home Town cheana féin. Beidh a lucht leanúna ag súil le níos mó ceoil amach anseo ach níl a fhios againn go fóill an mbeidh albam ag teacht ó Liam.

